Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12743/23**

**CFSP/PESC 1222**
**CSDP/PSDC 626**
**COAFR 301**
**POLMIL 232**
**CSC 424**
**EUMPM NIGER 28**
**PSC DEC 35**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh do mhisean comhpháirtíochta míleata an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/614 (EUMPM Niger/2/2023) |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh**
**a cheapadh do mhisean comhpháirtíochta míleata an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger),**
**agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/614**
**(EUMPM Niger/2/2023)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/2444 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 maidir le misean comhpháirtíochta míleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger)[1], agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

---

[1] IO L 319, 13.12.2022, lch. 86.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2022/2444, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean EUMPM Niger a cheapadh (‘Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh’).

(2) An 14 Márta 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/614[1] lena gceaptar an Coirnéal Antonio D’AGOSTINO mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUPM Niger.

(3) An 17 Lúnasa 2023, mhol údaráis mhíleata na hIodáile go gceapfaí an Coirnéal Antonio STASI chun teacht i gcomharbas ar an gCoirnéal Antonio D’AGOSTINO mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ón 19 Meán Fómhair 2023.

(4) An 23 Lúnasa 2023, thacaigh Ceannasaí Mhisean EUMPM Niger leis an moladh sin.

(5) An 23 Lúnasa 2023, mhol Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh go gceapfaí an Coirnéal Antonio STASI mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ón 19 Meán Fómhair 2023.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCoirnéal Antonio STASI a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ón 19 Meán Fómhair 2023 agus ba cheart Cinneadh (CBES) 2023/614 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (CBES) 2023/614 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 14 Márta 2023 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh do mhisean comhpháirtíochta míleata an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger) (EUMPM Niger/1/2023) (IO L 80, 20.3.2023, lch. 93).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Coirnéal Antonio STASI mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar mhisean comhpháirtíochta míleata an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger) ón 19 Meán Fómhair 2023.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2023/614 a aisghairm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 19 Meán Fómhair 2023.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*
*D. PRONK*